



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Iúil 2024
(OR. en)

11630/24

SOC 507
EMPL 312
EDUC 246
JEUN 206
ECOFIN 766
COMPET 770
MI 679
MIGR 307
DIGIT 174
ENV 769
FISC 157
SAN 446
GENDER 185

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Seimeastar Eorpach 2024: ganntanais saothair agus scileanna san Aontas - Díospóireacht bheartais

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 16 Iúil 2024.

Seimeastar Eorpach 2024: ganntanais saothair agus scileanna san Aontas*Díospóireacht bheartais***Ganntanais saothair agus scileanna go fóill san Aontas**

Léiríonn na sonraí go léiríonn thart ar 80 % d'fhostóirí san Aontas go mbíonn sé deacair orthu oibrithe a bhfuil na scileanna cearta acu a earcú. Ina theannta sin, tá duine as gach triúr fostaithe san Aontas mí-oiriúnach lena bpost, agus 17 % rócháilithe agus 13 % tearccháilithe¹. Tá ganntanais thar a bheith suntasach in earnálacha ina bhfuil droch-cháilíocht poist² agus is minic a fhaightear iad i ngairmeacha nach mbíonn oideachas tríú leibhéal ag teastáil uathu de ghnáth³.

Mar gheall ar ghanntanais leanúnacha lucht saothair, tá ráta ard folúntas san Aontas, a shroich 3 % sa dara ráithe de 2022, an ráta is airde riamh, agus thit sé go 2.6 % faoin gcéad ráithe de 2024⁴. Tá an ráta folúntais fós an-ard i roinnt Ballstát d'ainneoin an mhoillithe a tháinig le déanaí ar ghníomhaíocht eacnamaíoch mar gheall ar shaincheistean a bhaineann leis an slabhra soláthair agus brúnna boilscitheacha. Léiríonn sé sin go bhfuil ganntanas lucht saothair fós ina fhadhb struchtúrach do mhargaí saothair an Aontais i ndiaidh phaindéim COVID-19.

Níor fhág an méadú ar ghanntanais lucht saothair go bhfuil na daoine neamhghníomhacha nó iad siúd a bhfuil ceangal scaoilte acu leis an margadh saothair ag filleadh ar an bhfostaíocht. Dá bhrí sin, tá gá le hidirghabhálacha spriocdhírithe chun leas a bhaint as acmhainneacht saothair lucht saothair an Aontais nár baineadh leas aisti go fóill, go háirithe ag díriú ar na grúpaí sin atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, agus chun comhlánú a dhéanamh ar iarrachtaí chun daoine dífhostaithe a thabhairt ar ais i bhfostaíocht chomh maith le tacú le haistrithe ó phost go post ó earnálacha atá ag meath go hearnálacha atá ag méadú. Ní mór do na bearta sin dul níos faide ná beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht agus ar oiliúint sa mhargadh saothair, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bonneagar agus seirbhísí cúraim, athshlánú agus oiriúnú san ionad oibre.

¹Sonraí bunaithe ar Shuirbhé Eorpach ar Chuideachtaí 2019, Eurofound 2019

²Bearta chun dul i ngleic le ganntanais lucht saothair: ceachtanna don bheartas a bheidh ann amach anseo – tuarascáil Eurofound, 2023

³Tuarascáil EURES maidir le ganntanais agus barrachais 2023, an tÚdarás Eorpach Saothair, an 2 Bealtaine 2024

⁴Staidreamh Eurostat maidir le Folúntas Post: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Job_vacancy_statistics

Maidir le hidirghabhálacha atá dírithe ar dhaoine dífhostaithe a lánpháirtiú sa mhargadh saothair, is gnách go mbíonn siad dírithe ar fheabhas a chur ar chuardaitheoirí poist a mheaitseáil le tairiscintí poist, ar shoghluaisteacht a chothú agus ar oiliúint, taithí oibre agus bearta gníomhacha eile maidir leis an margadh saothair a thairiscint. Mar sin féin, tá gá le cur chuige níos leithne agus níos iomlánaíche lena dtugtar aghaidh ar chúiseanna neamhghníomhaíochta i dtaca le tacaíochtaí chun oibrithe tearcfhostaithe agus iad siúd atá ar fáil ach nach bhfuil ag lorg oibre a lánpháirtiú.

Is é is aidhm do Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas⁵ bearta ábhartha a stiúradh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma a dhéanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta nó ba cheart dóibh a dhéanamh chun dul i ngleic leis na dúshlán a eascraíonn as ganntanais saothair agus scileanna. Cuirtear i dtábhacht ann, i measc nithe eile, go bhfuil gá le raon leathan beartas saincheaptha do gach grúpa faoi ghannionadaíocht chun feabhas a chur ar rátaí gníomhaíochta, lena dtugtar aghaidh ar na bunchúiseanna sonracha a bhaineann le bheith neamhghníomhach i margadh an tsaothair.

Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta mná, oibrithe ar bheagán oiliúna, oibrithe scothaosta, daoine óga, daoine ó chúlra imirceach nó mionlaigh chiníoch nó eitnigh agus daoine faoi mhíchumas mar ghrúpaí daonra atá faoi ghannionadaíocht faoi láthair i margadh an tsaothair.

Le linn na díospóireachta beartais sin, iarrtar ar na hAirí aird ar leith a thabhairt ar na dúshlán atá roimh dhaoine óga agus oibrithe scothaosta maidir le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair.

D’ainneoin feabhsuithe, tá gá le hiarrachtaí marthanacha chun na dúshlán struchtúracha a shárú, ar dúshlán iad a choimeádann daoine óga siar ó thaobh an mhargaidh saothair de, go háirithe i gcomhthéacs ganntanais saothair agus scileanna a bheith forleathan.

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: plean gníomhaíochta (8153/24)

Is foinse thallainne agus nuálaíochta nach dtapaítear iad daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEETanna) agus, má thugtar aghaidh ar an bhfoinse sin, is féidir leo rannchuidiú leis na claochluithe glasa agus digiteacha agus an dinimiceas eacnamaíoch agus shóisialta a fheabhsú. In 2022, san Aontas, cé gurb é 4,3 % an ráta NEETanna dífhostaithe a bhí ann, bhí an sciar NEETanna neamhghníomhacha cuid mhaith ní b'airde, ráta 7,4 %⁶. Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar na cúiseanna atá le neamhghníomhaíocht eacnamaíoch NEETanna óga chun idirghabhálacha beartais spriocdhírithe a cheapadh. Áirítear sa Ráthaíocht threisithe don Aos Óg bearta a chuidíonn le díriú ar NEETanna trí fhostaíocht ardcháilíochta, breisoideachas agus oiliúint, printíseachtaí nó cúrsaí oiliúna a thairiscint tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó tar éis dóibh an t-oideachas foirmiúil a fhágáil.

Tá coinne leis go mbeidh tionchar ag aosú an daonra ar an soláthar saothair, ag laghdú an lucht saothair, agus go bhféadfadh sé ganntanais scileanna agus saothair san Aontas a dhéanamh níos measa fós. Sa chomhthéacs sin, baineann tábhacht leis an ról atá ag saol oibre níos faide agus níos folláine chun tacú leis an soláthar saothair chun inbhuanaitheacht fhioscach na gcóras cosanta sóisialta a áirithiú, agus an comhtháthú sóisialta, an dlúthpháirtíocht agus aistrithe eolais idir na glúine a ráthú san am céanna⁷.

Tá oibrithe scothaosta níos gníomhaí sa mhargadh saothair ná mar a bhí riamh roimhe, ach d'fhéadfaí feabhsuithe a bhaint amach fós, go háirithe le haghaidh na mban. Ní mór béim níos mó a leagan ar obair inbhuanaithe, a shainmhínítear mar an t-idirghníomhú idir dálaí oibre agus maireachtála ar nós 'go dtacaíonn siad le daoine dul i mbun oibre agus fanacht ag obair ar feadh saol oibre fada'⁸.

Tá méadú tagtha ar an bhfeasacht ar an ngá atá le hidirghabháil luath le blianta beaga anuas, agus cuireann roinnt tíortha bearta tacaíochta oiliúna spriocdhírithe ar fáil ní hamháin d'oibrithe scothaosta dífhostaithe ach d'oibrithe scothaosta a bhfuil athrú agus/nó iomarcaíocht rompu freisin chun aistriú chuig cúraimí nua leis an bhfostóir céanna nó aistriú díreach ó phost go post a chumasú. Le dreasachtaí i gcóras na bpinsean le haghaidh saol oibre níos faide agus le haghaidh pinsean a chomhcheangal le hioncam oibre chomh maith le socruithe solúbtha oibre, is féidir coinneáil oibrithe scothaosta a éascú freisin.

⁶ Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 (6073/24, lch. 117).

⁷ Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 (6073/24 lch. 22.)

⁸ Obair inbhuanaithe ó thús go deireadh saoil: Páipéar coincheapa - Eurofound, 2015 (lch. 2)

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na príomhdhúshláin a bhaineann le ganntanais saothair agus scileanna sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma i do Bhallstát? Cad iad na glaonna ar ghníomhaíocht atá san áireamh i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas Eorpach is ábhartha do do Bhallstát?*
- Cad iad na bearta beartais fostaíochta ar féidir leo rannchuidiú le leas a bhaint as acmhainneacht saothair neamhshaothraithe san Aontas Eorpach? Conas a d'fhéadfaí acmhainní na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí a shineirgeadh chun na bearta beartais arb é is aidhm dóibh gníomhachtú a éascú?*
- An bhfuil aon bhearta spriocdhírithe ag do Bhallstát chun níos mó rannpháirtíochta a chur chun cinn i measc daoine óga atá ag tosú amach ina ngairm agus chun daoine scothaosta a spreagadh chun fanacht i margadh an tsaothair?*
